## An cur chuige comhtháite

- Tá comhtháthú na gcúig scil teanga fíor-thábhachtach chun cur ar chumas an scoláire an teanga a shealbhú agus dul i dtreo a bheith ina úsáideoir neamhspleách atá in ann idirghníomhú sa chumarsáid
- Is foinse den dea-theanga agus den ghnáth-theanga í an litríocht a chabhraíonn leis an scoláire agus é i mbun forbairt teanga

**Caithfear an cur chuige comhtháite a bheith i bhfeidhm thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí chun sprioc na sonraíochta a bhaint amach**

## Measúnú sa Ghaeilge

**Measúnú Rangbhunaithe 1: Punann Teanga**

- Cruthaíonn an scoláire punann teanga le samplaí dá chuid saothair, mar shampla tionscnaimh, logaí foghlama, píosaí cruthaitheacha, cuir i láthair (taifeadta) agus araile
- Roghnaíonn an scoláire **trí phíosa** ón bpunann. Is gá píosa amháin fuaime nó físe a roghnú. Ba cheart leas a bhaint as an litríocht mar spreagadh do cheann amháin de na píosaí punainne a roghnófar
- Déanann an scoláire cur síos faoi threoir ar na cúiseanna le roghnú pearsanta na dtrí phíosa oibre

**Measúnú Rangbhunaithe 2: Tasc Cumarsáideach**

- Tugann an Tasc Teanga deis don scoláire ábhar, topaic nó saincheist ar spéis leis féin nó atá tábhachtach dó a roghnú agus a fhiosrú thar thréimhse ama
- Roghnaíonn an scoláire aon cheann de na formáidí seo a leanas chun an tasc a chur i gcrích: cur i láthair, agallamh, rólimirt, drámaíocht nó comhrá mar fhreagairt ar spreagthach chun an tasc a chur i gcrích
- Tugann an scoláire faoi thaighde agus ullmhúchán, déanann sé cur i láthair gairid agus freagraíonn sé ceisteanna faoi
- Tá béim láidir ar chumas labhartha agus idirghníomhaithe an scoláire sa tasc seo

**Na Measúnuithe Rangbhunaithe a mheas:**

- Cuirfear treoirlínte do na Measúnaithe Rangbhunaithe (MRBanna) ar fáil, ina leagfar amach treoracha ar na socruithe praiticiúla a bhaineann leis na MRBanna agus leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

**Punann Teanga MRB 1**

Bliain 3
Téarma 1

Measúnú Rangbhunaithe. Bíonn cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ina dhiaidh. Bronntar Tuairiscín ar an scoláire i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

**Tasc Cumarsáideach MRB 2**

Bliain 3
Téarma 2

Measúnú Rangbhunaithe. Bíonn cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ina dhiaidh. Bronntar Tuairiscín ar an scoláire i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

**An Tasc Measúnaithe:**

- Tabharfaidh an scoláire faoi Thasc Measúnaithe nuair a bheidh an dara MRB curtha i gcrích aige
- Cuirfear é faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil

**Tasc Measúnaithe**

Bliain 3
Téarma 2

Bunaithe ar Thorthaí Foghlama MRB 2. Deartha ag an CNCM & ceartaithe ag an CSS. (10% den Mheasúnú Deiridh.)

**An Scrúdú Deiridh:**

- Socróidh Coimisiún na Scrúdaithe Stáit an scrúdú deiridh ag dhá leibhéal: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal
- Scrúdpháipéar amháin a bheidh ag gach leibhéal.
- Beidh an scrúdú seo ar siúl ag deireadh an tríú bliain
- Scrúdú dhá uair an chloig a bheidh le déanamh

**Scrúdú Deiridh**

Deireadh Bliain 3

Scrúdú dhá uair an chloig ina n-iarrfar ar an scoláire a chuid inniúlachtaí teanga a léiriú trí dhul i mbun tascanna difriúla teanga agus litríochta* (*AL) a éileoidh cumarsáid phearsanta idirghníomhach. Deartha & ceartaithe ag an CSS. (90% den Mheasúnú Deiridh.)

## Cá bhfuil tuilleadh eolais ar fáil?

**www.curriculumonline.ie** – Seo suíomh idirlín an CNCM, ar a bhfuil na doiciméid seo ar fáil: Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí, na Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus na Treoirlínte don Tasc Measúnaithe.

**www.juniorcycle.ie** – Is féidir an Uirlis Úsáide um Measúnú a fháil anseo, atá deartha le tacú agus le cuidiú le múinteoirí ina gcuid oibre mar a bhaineann sé le measúnú sa tSraith Shóisearach.

**www.jct.ie** – Is seirbhís de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna í an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM). Cuireann SSM sainfhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ar fáil. Is í an aidhm atá againn ná tacú le scoileanna agus iad ag cur i bhfeidhm Creat na Sraithe Sóisearaí *tuigim más téacs é seo atá in úsáid i mbileoga eile cheana féin* trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach ardchaighdeáin a sholáthar do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí, agus trí acmhainní éifeachtacha teagaisc agus foghlama a sholáthar.



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# Bileog Eolais: Gaeilge na Sraithe Sóisearaí

do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (T1) agus trí mheán an Bhéarla (T2)

*"A language can have no real life unless it lives in the lives of the people"* (Eoin Mac Néill, 1900)

## Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (T1)

### Aidhm na Sonraíochta:

Foghlaimeoir spleách teanga → Forbairt, saibhriú & buanú scileana teanga → Úsáideoir cumasach neamhspleách teanga

### Spreagtar an scoláire chun:

- teanga a úsáid go héifeachtach, muiníneach, i gcomhthéacs pearsanta agus i gcumarsáid le húsáideoirí eile sa phobal teanga
- an Ghaeilge a úsáid i réimsí éagsúla an phobail teanga
- a chuid Gaeilge a shaibhriú agus í a labhairt agus a scríobh go cruinn, muiníneach
- taitneamh a bhaint as cumarsáid chruthaitheach agus nuálach a dhéanamh trí Ghaeilge
- féinléirithe trína scileanna litearthachta a dhaingniú
- raon leathan téacsanna a iniúchadh agus a chruthú i meáin éagsúla, ar mhaithe le foghlaim, le taighde, le caitheamh aimsire
- tuiscint agus meas a bheith aige ar litríocht na Gaeilge ar mhaithe le taitneamh agus tairbhe a bhaint as litríocht
- tuiscint níos fearr a bheith aige ar chultúr na Gaeilge agus meas agus tuiscint a bheith aige ar chultúir agus ar theangacha eile


Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí

Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (T1)

## Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (T2)

### Aidhm na Sonraíochta:

Foghlaimeoir spleách teanga → Forbairtí san fhoghlaim teanga i dtreo an neamhspleáchais → Úsáideoir neamhspleách teanga

### Spreagtar an scoláire chun:


- teanga a úsáid go héifeachtach, muiníneach, i gcomhthéacs pearsanta agus i gcumarsáid le húsáideoirí eile sa phobal teanga
- taitneamh a bhaint as cumarsáid chruthaitheach agus nuálach a dhéanamh trí Ghaeilge
- meas a bheith aige ar an nGaeilge agus fonn a bheith air í a labhairt agus a úsáid
- féinléirithe trína scileanna litearthachta a dhaingniú
- triail a bhaint as gnéithe teanga atá nuafhoghlamtha
- dul i ngleic le raon leathan téacsanna, i meáin éagsúla, ar mhaithe le foghlaim, le taighde, le caithimh aimsire
- tuiscint agus meas a bheith aige ar litríocht na Gaeilge ar mhaithe le taitneamh agus tairbhe a bhaint as litríocht
- tuiscint níos fearr a bheith aige ar chultúr na Gaeilge agus meas agus tuiscint a bheith aige ar chultúir agus ar theangacha eile


Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí

Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (T2)

## Struchtúr na Sonraíochtaí

Dearadh na sonraíochtaí d'íosmhéid 240 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.




- Díríonn na sonraíochtaí ar bhuanú scileanna teanga agus litearthachta trí shnáitheanna comhtháite: **Cumas Cumarsáide, Feasacht Teanga agus Chultúrtha agus Féinfheasacht an Fhoghlaimeora**
- Soláthraíonn na sonraíochtaí eispéireas foghlama don scoláire trí na snáitheanna thuasluaite a chruthóidh deiseanna taitneamhacha, spreagúla chun an teanga a shealbhú

## Na Torthaí Foghlama:

- Is ráitis iad na *Torthaí Foghlama* a chuireann síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge sa tsraith shóisearach. Tá na Torthaí Foghlama rangaithe i dtrí shnáithe agus agus léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na dtrí bliana staidéir
- Leagann na Torthaí Foghlama béim ar leith ar chumas cumarsáide ó bhéal an scoláire, (labhairt agus idirghníomhú cainte) ról na litríochta i bhfoghlaim na teanga, taithí an scoláire ar an scríbhneoireacht i réimse de sheánraí agus do spriocghrúpaí éagsúla, ar a fheasacht teanga agus ar a fhéinfheasacht. Tacóidh an t-eispéireas foghlama go mór leis an scoláire agus é ag tabhairt faoin tsraith shinsearach

Ceol na teanga

## An Turas Foghlama sa Ghaeilge

- Léiríonn meafar foghlama na Gaeilge tábhacht an chur chuige chomhtháite i gcur i bhfeidhm na sonraíochtaí Gaeilge
- Tá trí thaobh ar an gcruit a léiríonn na trí shnáithe
- Tá cúig théad ar mar shiombail den chúig scil teanga
- Bainfear amach na sonraíochtaí (sealbhú teanga) trí na chinntiú go bhfuil na snáitheanna agus na scileanna teanga comhtháite